Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**8884/21**

**SOC 287**
**EMPL 211**
**GENDER 34**
**ANTIDISCRIM 31**
**SAN 303**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 8878/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tionchar Socheacnamaíoch COVID-19 ar an gComhionannas Inscne |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite arna fhormheas ag Comhairle EPSCO ag an gcruinniú a bhí aici an 14 Meitheamh 2021.

**Tionchar Socheacnamaíoch COVID-19 ar an gComhionannas Inscne**

**Conclúidí ón gComhairle**

**AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á ADMHÁIL AICI**

1. Tá an comhionannas inscne agus cearta an duine i gcroílár luachanna na hEorpa. Bunphrionsabal den Aontas Eorpach é go mbeadh comhionannas idir mná agus fir, bunphrionsabal atá á chumhdach sna Conarthaí agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais, a bhí ina treoir do na Ballstáit, agus ar cheart dó a bheith ina treoir dóibh i gcónaí, ina gcuid iarrachtaí maidir le neamhionannais inscne a chosc, dul i ngleic leo agus faireachán a dhéanamh orthu, lena n-áirítear nuair is dáileadh na rioscaí agus na sochar de bharr forbairtí ginearálta sóisialta agus eacnamaíocha atá i gceist.

**Á THABHAIRT DÁ hAIRE**

2. An Nóta Taighde ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) dar teideal *Gender Equality and the Socio-Economic Impact of COVID-19* [Comhionannas Inscne agus Tionchar Socheacnamaíoch COVID-19][1].

3. An Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) maidir le *Teleworking and gender equality – conditions so that teleworking does not exacerbate the unequal distribution of unpaid care and domestic work between women and men and for it to be an engine for promoting gender equality* [Teilea-obair agus comhionannas inscne – coinníollacha ionas nach gcuirfidh an teilea-obair le dáileadh neamhionann na hoibre cúraim gan íocaíocht agus na hoibre tí idir mná agus fir, agus chun go mbeidh sí ina hinneall chun an comhionannas inscne a chur chun cinn].

4. An Rún ó Pharlaimint na hEorpa dar teideal *The gender perspective in the COVID-19 crisis and post-crisis period* [Peirspictíocht na hinscne sa ghéarchéim COVID-19 agus sa tréimhse iar-ghéarchéime].

[1] 8878/21 ADD 1.

**DE BHRÍ GUR FÍOR AN MÉID SEO A LEANAS**

5. Tá drochiarmhairtí tromchúiseacha socheacnamaíocha ag gabháil le paindéim COVID-19 agus leis na bearta imshrianta do mhná agus d'fhir araon. Tá difear díréireach á dhéanamh do mhná, áfach, mar thoradh ar neamhionannais inscne struchtúracha sa mhargadh saothair cheana féin agus sa tsochaí i gcoitinne.

6. Cruthaítear míbhuntáistí tromchúiseacha fadtéarmacha do mhná i gcomhthéacs mhargadh an tsaothair de bharr gnéasachais agus steiréitíopaí inscne seanbhunaithe agus de bharr noirm agus bacainní sóisialta gaolmhara ar na leibhéil institiúideacha agus struchtúracha. Is measa na fadhbanna sin mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, rud a chuireann an dul chun cinn sa chomhionannas inscne a rinneadh go dtí seo i mbaol, agus tá iarmhairtí diúltacha acu don tsochaí ina hiomláine, lena n-áirítear bac a chur ar an bhfás inbhuanaithe. Ar an láimh eile, má dhéantar an fheasacht ar fhadhbanna struchtúracha a mhéadú, d'fhéadfadh an ghéarchéim athrú riachtanach a spreagadh freisin.

7. Cé go raibh tionchar diúltach ag an ngéarchéim ar mhná agus ar fhir araon ar bhealaí éagsúla, fágann neamhionannas inscne leanúnach i bhfoirm leithscaradh cothrománach go bhfuil ró-ionadaíocht ag mná in earnálacha sonracha, a ndearna an ghéarchéim difear suntasach do roinnt díobh, amhail earnáil na sláinte agus an chúraim, mar aon le hearnáil an mhiondíola agus an fháilteachais.

8. Le linn ráig COVID-19, bhí mná atá fostaithe i bpoist a aicmítear mar phoist riachtanacha ar thúslíne chomhraic na paindéime, agus léiríonn meastacháin gur mná is ea idir 76 % agus 95 % de na hoibrithe cúraim, sláinte, oibrithe cúraim phearsanta i suíomhanna baile nó in institiúidí, oibrithe cúraim leanaí agus múinteoirí, glantóirí agus cúntóirí tí, agus cúramóirí a bhíonn ag obair le daoine scothaosta agus le daoine faoi mhíchumas[2]. Cé nach mar a chéile cúrsaí sna Ballstáit éagsúla, is é a bhí i gceist go minic gur mhó an riosca do mhná a oibríonn sna slite beatha sin COVID-19 a tholgadh, gur tuairiscíodh go mbíonn leibhéil níos airde struis acu, ualach oibre níos mó agus uaireanta oibre fada, agus na deacrachtaí gaolmhara maidir le saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a thabhairt chun réitigh. San am céanna, tá pá ró-íseal á íoc i gcuid mhaith de na gairmeacha sin i gcónaí i gcomparáid le hobair chomhionann in earnálacha eile ar comhionann a luach, agus bíonn dálaí fostaíochta forbhásacha ag gabháil leo. Léirigh géarchéim COVID-19 go soiléir a mhéid a bhraitheann an tsochaí agus an geilleagar ar na hearnálacha sin agus gan aitheantas ceart á fháil acu. Tá fianaise ann freisin a léiríonn go ndeachaigh an foréigean in aghaidh oibrithe sláinte agus an ciapadh agus an stiogmatú a dhéantar orthu in olcas mar gheall ar an bpaindéim[3].

9. Ina theannta sin, bíonn ró-ionadaíocht ag mná in earnálacha eacnamaíocha a buaileadh go dona sna dianghlasálacha, agus is fostaíocht shealadach, pháirtaimseartha nó fhorbhásach a bhíonn acu go minic. Orthu siúd a ndearnadh an difear is measa dóibh, tháinig méadú suntasach ar an sciar de mhná óga a bhí ar fáil le haghaidh oibre ach nach raibh ag lorg oibre (+6 phointe céatadáin i gcomparáid le 2019[4]) agus thit an ráta fostaíochta i measc mná imirceacha a rugadh i dtír nach tír den Aontas Eorpach í go 50 %[5]. Fágadh mná a bhfuil leibhéal íseal oideachais acu, go háirithe, ar chúl i margadh an tsaothair. Thairis sin, sa chéad ráig den phaindéim cláraíodh laghdú níos mó i gcoitinne ar líon iomlán na n-uaireanta oibre ina bpríomhphost i gcás na mban[6], agus d’aistrigh siad ó dhífhostaíocht go neamhghníomhaíocht níos minice ná fir[7]. Tá difríochtaí idir na Ballstáit mar sin féin, maidir le cásanna agus maidir leis na sonraí atá ar fáil, agus tá gá fós le tuilleadh sonraí imdhealaithe de réir inscne i gcásanna áirithe.

---

2 https://eige.europa.eu/covid-19-and-gender-equality/essential-workers
3 Féach an nóta taighde ó EIGE (8878/21 ADD 1, lch. 29).
4 Féach an Nóta Taighde ó EIGE (8878/21 ADD 1 lch. 20).
5 Féach an Nóta Taighde ó EIGE (8878/21 ADD 1 lch. 12).
6 Féach an Nóta Taighde ó EIGE (8878/21 ADD 1 lch. 14).
7 Féach an Nóta Taighde ó EIGE (8878/21 ADD 1 lch. 17).

10. Maidir leis na poist a cailleadh i gcúrsaí miondíola, lóistín, cúram cónaithe, obair tí agus monaraíocht éadaí, b'ionann iad agus 40 % d'fhostaíocht na mban uile a cailleadh le linn ráig a haon de phaindéim COVID-19[8]. Cláraíodh laghdú 18 % ar an bhfostaíocht i dteaghlaigh (agus sciar 89 % ag mná) i gcás seirbhísí tí agus cúraim[9]. Chuaigh na bearta imshrianta i dtús na paindéime i bhfeidhm go mór ar oibrithe féinfhostaithe, chomh maith le hoibrithe sealadacha agus páirtaimseartha, agus, ina measc siúd, bhí líon suntasach ban a chaill poist: is mná a bhí i gceist le 69 % den chaillteanas fostaíochta a cláraíodh i measc oibrithe páirtaimseartha, agus le 48 % den chaillteanas fostaíochta in obair shealadach; ar an taobh eile, is mná a bhí i gceist le 34 % den chaillteanas fostaíochta a cláraíodh i measc daoine féinfhostaithe ainneoin nach mbeadh an ionadaíocht chéanna ag mná sa ghrúpa sin[10]. Thairis sin, bhí an ráta téarnaimh le linn shamhradh 2020 níos fearr i gcás na bhfear ná i gcás na mban[11].

11. Tá baol ann go ndéanfaidh an bhearna dhigiteach idir na hinscní, teorainn a chur le deiseanna na mban agus lena n-acmhainneacht aonair freagairt ar na héilimh a eascraíonn as an méadú ar úsáid na teilea-oibre, ní hamháin le linn na géarchéime reatha ach amach anseo freisin. Is lú rochtain, is lú nochtadh agus is lú taithí ar theicneolaíochtaí digiteacha a bhíonn ag mná ná ag fir, ar an meán. Is ábhar imní é maidir le mná os cionn 54 bliana d'aois go háirithe, a mbíonn bearnaí dianseasmhacha ina gcuid scileanna digiteacha acu, go háirithe maidir le scileanna digiteacha os cionn an bhunleibhéil[12]. Caithfear a áirithiú, agus an teilea-obair fós á cur chun feidhme i saol na hoibre amach anseo, go mbeidh bonneagar agus nascacht dhigiteach ann don uile dhuine, mar aon le scileanna digiteacha feabhsaithe, agus aird ar leith ar mhná ionas gur féidir aghaidh a thabhairt ar bhearna dhigiteach d'aon chineál idir na hinscní[13].

12. Tá comharthaí éigin ann go bhfuil níos mó ban ag roghnú slite beatha a mbíodh forlámhas ag fir iontu, amhail poist i TFC mar shampla - réimse ina raibh ardú suntasach ar an bhfostaíocht sa bhliain go dtí an dara ráithe de 2020. Tá mná fós faoi thearcionadaíocht sa réimse seo. Mar shampla, mná ab ea 28 % den mhéadú fostaíochta sa ríomhchlárúcháin, sa tsainchomhairleoireachta agus i ngníomhaíochtaí gaolmhara[14].

---

8 Féach an Nóta Taighde ó EIGE (8878/21 ADD 1 lch. 23).
9 Féach an Nóta Taighde ó EIGE (8878/21 ADD 1 lch. 21).
10 Féach an Nóta Taighde ó EIGE (8878/21 ADD 1 lch. 26).
11 Féach an Nóta Taighde ó EIGE (8878/21 ADD 1 lgh. 11, 16).
12 Féach an Nóta Taighde ó EIGE (8878/21 ADD 1 lgh. 35-36).
13 Féach Tuairim CESE, 1.6.
14 Féach an Nóta Taighde ó EIGE (8878/21 ADD 1 lgh. 23-24).

13. I gcuid mhaith Ballstát is mó an difear a rinne na laghduithe ar leibhéil tuarastail sa chéad leath de 2020 do mhná ná d'fhir[15], agus riosca ann i gcónaí go leathnófar a thuilleadh an éagothroime inscne shuntasach atá ann maidir le hioncaim phinsin agus cáilíocht saoil i ndiaidh dul ar scor[16]. Is mó ban ná fear atá ar shaoire bhreoiteachta le pá nó ar shaoire chúraim le pá nó a fhaigheann cúnamh lena gcostais mhaireachtála nó riachtanais teaghlaigh, ach is mó fear ná ban a fhaigheann sochair dhífhostaíochta nó tacaíocht phá – agus ar ráta níos airde de ghnáth. Le linn na géarchéime, bhí níos mó ban, mná in aois oibre go háirithe, a thuairiscigh deacrachtaí airgeadais ar leibhéil éagsúla déine, idir dheacrachtaí lena gcaighdeán maireachtála a chothabháil agus dheacrachtaí greim a choinneáil faoin bhfiacail.

14. Mar thoradh ar an neamhionannas dianseasmhach inscne a bhí á léiriú i bhfoirm comhroinnt neamhionann na gcúraimí baile agus cúraim laistigh den teaghlach, b'éigean do mhná sciar díréireach den obair gan íocaíocht a ghlacadh, sciar a chuaigh i méid le linn ghéarchéim COVID-19 de bharr laghdú ar sholáthar na seirbhísí cúraim, dúnadh na scoileanna agus na héilimh ón scolaíocht ar líne, méadú ar ghnáthchúraimí teaghlaigh agus gan seirbhísí teaghlaigh seachtracha a bheith ar fáil, agus easpa rochtana ar chabhair neamhfhoirmiúil[17]. Mar gheall ar neamhionannas córasach pá, bhí éagothroime inscne i roinnt Ballstát maidir le húsáid saoire a bhaineann leis an teaghlach le linn na paindéime, agus úsáid saoire den chineál sin a bheith níos airde i measc na mban ná i measc na bhfear. D'fhéadfadh tionchar díobhálach a bheith ag na míchothromaíochtaí sin sa mhéid sin ar dhea-bhail na mban agus ar fhéidearthachtaí níos fadtéarmaí maidir le margadh an tsaothair agus forbairt gairme níos fadtéarmaí agus tá an baol ann go ndéanfaidh siad róil inscne steiréitipiciúla a threisiú. Is minice a thiteann freagrachtaí cúraim ar mhná, rud a bhí i measc na bpríomhchúiseanna le neamhghníomhaíocht na mban roimh an ngéarchéim, fiú.

---

15 ILO (2020), *Global Wage Report 2020-2021* [Tuarascáil ar an bPá Domhanda 2020-2021].

16 Eurofound (2020), *Women and labour market equality: Has COVID-19 rolled back recent gains?* [Mná agus comhionannas sa mhargadh saothair: An ndearnadh na gnóthachain le deireanas a chur ar gcúl de bharr COVID-19?], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

17 Féach an nóta taighde ó EIGE (8878/21 ADD 1, lch. 50).

15. Le linn ráig a haon de phaindéim COVID-19, cé gur chuir fir lena bpáirtíocht in obair chúraim gan íocaíocht, bhí níos mó uaireanta an chloig á gcaitheamh ag mná ná ag fir, mar sin féin, ag déanamh cúraim dá leanaí féin/de chlann a gclainne agus ag cur oideachais orthu (12.6 uair an chloig sa tseachtain, in aghaidh 7.8 uair an chloig sa tseachtain i gcás na bhfear) agus ag tabhairt aire dá ngaolta ar seanóirí nó daoine faoi mhíchumas iad (4.5 uair an chloig sa tseachtain, in aghaidh 2.8 uair an chloig sa tseachtain i gcás na bhfear), agus i mbun cócaireachta agus obair tí (18.4 uair an chloig sa tseachtain, in aghaidh 12.1 i gcás na bhfear)[18]. Mar gheall ar dhúnadh sealadach na scoileanna agus seirbhísí cúraim leanaí le linn na ndianghlasálacha, bhí breis ama agus iarrachta á chaitheamh ag tabhairt aire do leanaí, i gcás mná fostaithe a raibh leanaí faoi bhun 12 acu go háirithe agus a thuairiscigh gur chaith siad thart ar 54 uair an chloig sa tseachtain ar chúram leanaí, i gcomparáid le 32 uair an chloig i gcás fir fostaithe (samhradh 2020)[19]. Thairis sin, is mó ban ná fear a thuairiscigh meath ginearálta ar an gcothromaíocht oibre is saoil, lena n-áirítear é a bheith níos deacra díriú ar an bpost de bharr freagrachtaí teaghlaigh, agus gur bhraith siad nach bhféadfaidís am a chaitheamh lena dteaghlach agus gur bhraith siad níos tuirsí tar éis na hoibre agus iad i mbun cúraimí teaghlaigh. Bhí máithreacha níos gafa leis an scolaíocht ar líne, agus brú breise orthu dá réir. Bíonn brú ar leith á bhrath ag tuismitheoirí aonair, mná den chuid is mó, nach féidir leo na héilimh chúraim a roinnt agus a mbíonn acmhainní airgeadais níos lú acu ar aon nós, ag mná agus fir a bhíonn ag obair i bpoist a aicmítear mar phoist fhíor-riachtanacha nach féidir leo fanacht sa bhaile chun aire a thabhairt do leanaí, agus ag teilea-oibrithe, go háirithe iad siúd a mbíonn leanaí óga acu agus a ndéantar difear dá dtáirgiúlacht mar thoradh ar iltascáil bhreise agus cuir isteach, ualach oibre breise agus ualach intinne níos mó[20].

16. Go deimhin, tá fianaise a bailíodh le linn na paindéime, a léiríonn nach bhféadfaidh socruithe solúbtha oibre agus teilea-obair, agus obair a dhéantar ón mbaile go háirithe, an chothromaíocht oibre is saoil a éascú agus rannchuidiú le breis comhionannais inscne ar mhargadh an tsaothair gan bearta comhionannais inscne agus beartais agus cleachtais eagraíochtúla a thacaíonn le teaghlaigh agus mura gcosnaítear sábháilteacht agus sláinte ceirde oibrithe.

---

18 Féach an nóta taighde ó EIGE (8878/21 ADD 1, lch. 43).
19 Féach an nóta taighde ó EIGE (8878/21 ADD 1, lch. 45).
20 Féach an Nóta Taighde ó EIGE (8878/21 ADD 1 lgh. 48-49).

17. Ábhar imní soiléir don chomhionannas idir mná agus fir amach anseo go bhfuil an teilea-obair in úsáid mar uirlis chun saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a thabhairt chun réitigh (míniú féideartha, seans, ar líon níos airde ban ná fear ag obair ón mbaile ar bhonn rialta) agus an meastachán atá ag teacht chun solais go bhfuil 45 % de na mná (i gcomparáid le 30 % de na fir) i slite beatha a bhfeileann an teilea-obair dóibh[21]. Dá bhrí sin, ní mór aghaidh a thabhairt ar rioscaí áirithe a ghabhann leis an teilea-obair agus a tháinig chun solais mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19, lena n-áirítear an riosca go mbeidh an teilea-obair ina leagan baineannaithe[22] den obair oifigbhunaithe; an riosca go dtiocfaidh méadú ar an méid oibre gan íocaíocht a bheidh á dhéanamh ag mná[23], rud a d'fhéadfadh róil inscne steiréitipiciúla a threisiú, lena n-áirítear obair tí agus cúram; an baol go méadófar ar dhéine na hoibre agus go ndéanfar doiléiriú ar na teorainneacha idir obair ar íocaíocht agus an saol príobháideach; an baol go laghdófar infheictheacht na mban sa phobal oibre agus go gcuirfear bac ar dhul chun cinn gairme na mban; agus an baol go dtiocfaidh méadú ar an bhforéigean agus ar an gciapadh ar líne a dhéantar ar mhná.

18. Idir an dá linn, is deis í an ghéarchéim reatha chun machnamh a dhéanamh ar na rialacha agus ar an gcleachtas i réimse na teilea-oibre, lena n-áirítear san idirphlé leis na comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí eile, d'fhonn socruithe oibre solúbtha sláintiúla a cheapadh agus a chur chun feidhme lena n-éascófar, *inter alia*, saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a thabhairt chun réitigh.

19. Go leor de na tosca a thugann foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní, nó a bhuanaíonn é, is measa anois iad mar gheall ar na bearta gaibhniúcháin coisctheacha, imthosca socheacnamaíocha ag dul in olcas, agus poist á gcailliúint. Léiríonn sonraí atá ag teacht chun cinn i roinnt mhaith Ballstát gur mhéadaigh ar an bhforéigean inscnebhunaithe, ar an bhforéigean teaghlaigh, ar an bhforéigean páirtí dlúthchaidrimh, agus ar chineálacha eile foréigin agus ciaptha ar líne agus as líne araon, le linn na paindéime. Is sárú tromchúiseach é sin ar chearta an duine agus is bac é ar rannpháirtíocht iomlán na mban agus na gcailíní i réimsí uile an tsaoil. Dá bhrí sin, is gá gníomhaíocht chomhordaithe ó na gníomhaithe ábhartha uile chun an fhadhb sin a chomhrac, lena n-áirítear bearta chun cumhachtú eacnamaíoch agus neamhspleáchas na mban a chur chun cinn agus chun tacú leo, rudaí is féidir cuidiú leo éalú ó chásanna foréigin.

[21] Féach an nóta taighde ó EIGE (8878/21 ADD 1, lch. 32).
[22] Féach an nóta taighde ó EIGE (8878/21 ADD 1, lgh. 48, 63) agus Tuairim CESE, 1.1.
[23] Féach Tuairim CESE, 1.1.

20. Chonacthas rannpháirtíocht níos mó ó fhir freisin san obair chúraim agus san obair tí gan íocaíocht le linn ghéarchéim COVID-19, i gcásanna ina mbíodh aithreacha ag obair ón mbaile, mar shampla, nó ó fhir a rannchuidigh le cúraimí cúraim mar go raibh na mná fostaithe i bpoist a aicmítear mar phoist fhíor-riachtanacha. Chun athruithe buana a dhéanamh, áfach, chaithfí na dearcthaí dianseasmhacha i leith róil inscne steiréitipiciúla, gnéasachais agus míchothromaíochtaí tuillimh a shárú, agus chaithfí bearta a dhéanamh lena gcuirfí chun cinn agus lena n-éascófaí dáileadh cothrom obair le híocaíocht agus obair chúraim gan íocaíocht ar bhonn cothrom idir mná agus fir[24].

21. Ar deireadh, mar go bhfuil neamhionannas inscne i bhfoirm leithscaradh ingearach ann i gcónaí, bhí mná fós faoi ghannionadaíocht i gcúrsaí cinnteoireachta le linn na géarchéime agus le linn cheapadh na mbeart téarnaimh.

22. Cé gur mná iad formhór na ngairmithe sláinte san Aontas agus iad ar thúslíne an chomhraic in aghaidh na paindéime, tá siad faoi ghannionadaíocht sna próisis cheannaireachta agus chinnteoireachta in earnáil an chúraim sláinte[25]. Ina theannta sin, as 115 thascfhórsa sainaitheanta cinnteoireachta agus saineolaithe i dtaca le COVID-19 ar fud an domhain, níl ach 3.5 % díobh a mbaineann paireacht inscne lena mballraíocht, agus i gcás 85.2 % díobh is fir is mó atá iontu[26].

23. Tá an baol ann nach mbeidh buntáistí comhionanna do mhná sna bearta atógála i ndiaidh na géarchéime, mar shampla, má dhírítear na bearta sin ar earnálacha den gheilleagar ina bhfuil ceannas ag fir, agus gan forálacha sonracha iontu chun mná agus cailíní a chuimsiú, nó mura ndírítear iad ach ar oibrithe a chaill a bpoist le linn na géarchéime, agus faillí a dhéanamh iontu siúd a bhí eisiata cheana féin ón margadh saothair, roimh an ngéarchéim.

---

24 Féach an Nóta Taighde ó EIGE (8878/21 ADD 1 lgh. 43-44).

25 ECFE (2020), *Women at the core of the fight against Covid-19 crisis* [Mná i gcroílár an chomhraic in aghaidh ghéarchéim COVID-19], Freagairtí Beartais ó ECFE ar an gCoróinvíreas (COVID-19). Leagan an 1 Aibreán 2020.

26 Van Daalen, K.R., Bajnoczki, C., Chowdhury., M., et al. (2020), *Symptoms of a broken system: the gender gaps in Covid-19 decisionmaking*, [Comharthaí córais bhriste: na bearnaí idir na hinscní i gcinnteoireacht Covid-19], BMJ Global Health.

24. I bhfianaise iarmhairtí ghéarchéim COVID-19 a sainaithníodh cheana féin agus atá ag teacht chun solais go fóill agus a dtionchar ar mhná, tá géarghá anois le gné an chomhionannais inscne a chomhtháthú i mbearta éigeandála gearrthéarmacha agus i mbearta atógála fadtéarmacha, agus is gá ionadaíocht chothrom ar mhná agus ar fhir a áirithiú sa bhainistiú géarchéime ar COVID-19, lena n-áirítear chun a áirithiú nach gcuirfear a thuilleadh leis na neamhionannais inscne a bhíodh ann agus chun a áirithiú nach gcaillfear na gnóthachain a rinneadh cheana.

25. Is réamhchoinníoll é sin maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, arna fhógairt ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún an 17 Samhain 2017, ina ndearbhaítear an comhionannas inscne agus an chothromaíocht oibre is saoil i bPrionsabail 2 agus 9 faoi seach. Cuirtear roinnt tionscnamh chun cinn i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais inscne agus an chothromaíocht oibre is saoil a chur chun cinn, agus an sprioc á moladh ann an bhearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú faoina leath, ar a laghad, faoi 2030.

26. Fógraítear réimse gníomhaíochtaí leis an gClár Oibre Eorpach do Scileanna Nua chun a áirithiú go mbeidh cailíní agus mná i láthair i staidéir TFC ar an mbonn céanna le buachaillí agus fir, agus chun go mbeidh rannpháirtíocht chomhionann acu i bhforbairt scileanna fiontraíochta agus digiteacha.

27. Chomh maith leis sin, de réir Straitéis an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025, 'ach rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a mhéadú, sin éifeacht láidir dhearfach ar an ngeilleagar, go háirithe i gcomhthéacs líon saothair atá ag laghdú agus ganntanais scileanna. Tugtar an chumhacht do mhná a saol féin a mhúnlú freisin, ról a imirt sa saol poiblí agus neamhspleáchas eacnamaíoch a bheith acu.' (aistriúchán neamhoifigiúil)

28. Tógann an tacar conclúidí seo ar obair a rinneadh cheana agus ar ghealltanais pholaitiúla ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún agus ó ghealLsealbhóirí ábhartha sa réimse sin, lena n-áirítear sna doiciméid a liostaítear san iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS**

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh acu, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

29. A áirithiú go n-urramaítear, sna Pleananna náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta[27], an tiomantas maidir le príomhshruthú an chomhionannais inscne agus comhdheiseanna do chách, i gcomhréir le Prionsabail 2 agus 3 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 5 na Náisiún Aontaithe agus, i gcás inarb ábhartha, leis an straitéis náisiúnta maidir le comhionannas inscne.

30. Chun na críche sin, úsáid a bhaint as modhanna agus uirlisí anailíse inscne (e.g. measúnú tionchair inscne, sonraí cáilíochta agus iad imdhealaithe de réir inscne agus táscairí comhionannais inscne cáilíochtúla agus cainníochtúla ábhartha) agus anailís thrasnach i ngach earnáil, agus ag an am céanna, aon ualach riaracháin nach bhfuil gá leis á sheachaint.

31. An comhionannas inscne a phríomhshruthú i rialacháin agus in ionstraimí náisiúnta lena gcuirtear cistí struchtúracha na hEorpa chun feidhme, agus faireachán a dhéanamh ar an tionchar ar mhná agus ar fhir de réir mar is infheidhme.

[27] Féach Rialachán (AE) 2021/241 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, Airteagal 18(4)(o).

32. An comhionannas idir inscne agus comhdheiseanna do chách a chur chun cinn agus a phríomhshruthú nuair a bheidh bearta téarnaimh á gceapadh agus á gcur chun feidhme, ar fud na n-earnálacha uile agus bunaithe ar shonraí atá ann cheana maidir le tionchair inscneacha phaindéim COVID-19, agus trasnachas agus il-idirdhealú á gcur san áireamh. D'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh ar bhearta náisiúnta ábhartha, mar shampla:

a) Chun tacú le hoibrithe in earnálacha eacnamaíocha a buaileadh go dona amhail earnálacha an mhiondíola, an fháilteachais agus na turasóireachta, bearta a thugann aghaidh ar na riachtanais ar leith a bhíonn ag mná, lena n-áirítear mná a bhfuil gnóthachtáil oideachais níos ísle acu, mná a mbíonn uaireanta oibre laghdaithe acu, mná atá ag aistriú isteach sa réimse neamhghníomhaíochta, agus mná dífhostaithe, go háirithe mná dífhostaithe óga agus mná dífhostaithe imirceacha, ag díriú ar ghnéithe amhail athruithe ar an margadh saothair, athsciliú agus uas-sciliú, beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, agus fiontraíocht.

b) Bearta lena n-áirithítear rochtain chomhionann ar thacaíocht chun fostaíocht nó oiliúint a fháil do dhaoine dífhostaithe a bhí eisiata cheana ó mhargadh an tsaothair roimh ghéarchéim COVID-19.

c) Bearta chun feabhas a chur ar stádas oibrithe riachtanacha, lena n-áirítear oibrithe i ngairmeacha agus in earnálacha a bhaineann le sláinte agus cúram, a shaothraíonn pá íseal go minic agus ar ríléir a dtábhacht bhunúsach le linn ghéarchéim COVID-19, agus aird ar leith á tabhairt ar ghnéithe amhail pá cothrom, deiseanna forbartha gairme, rochtain ar shlándáil shóisialta agus dálaí cuibhiúla oibre.

d) Bearta chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe agus chun feabhas a chur ar staid fostaíochta agus ar chosaint shóisialta na n-oibrithe tí, agus aird ar leith á tabhairt ar dhálaí oibre agus maireachtála an iliomad ban imirceach a oibríonn san earnáil sin.

e) Bearta chun glacadh níos cothroime ó thaobh na hinscne de a chur chun cinn, maidir le bearta tacaíochta a bhaineann leis an ngéarchéim arna nglacadh ar mhaithe le cúramóirí a bheith á nglacadh ag mná agus fir.

f) Bearta chun bonneagar, saoráidí agus seirbhísí cúraim phoiblí a fheabhsú, lena n-áirítear seirbhísí seachfhoinsithe.

g) Bearta, lena n-áirítear trí sheirbhísí tacaíochta a chuirtear ar fáil d'íospartaigh, chun aghaidh a thabhairt ar thionchar phaindéim COVID-19 ar an bhforéigean inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean páirtí dlúthchaidrimh, foréigean teaghlaigh agus foréigean ar líne.

h) Bearta chun mná agus cailíní a chuimsiú i ndeiseanna fostaíochta nó oiliúna a bheith á gcur chun cinn in earnálacha ina mbíonn ceannas ag fir go traidisiúnta, amhail réimsí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM[28]), lena n-áirítear TFC go háirithe.

33. Aghaidh a thabhairt go gníomhach ar shaol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a thabhairt chun réitigh bunaithe do mhná agus fir, trí bhearta amhail iad seo a leanas:

a) Bearta chun a áirithiú go mbeidh na deiseanna céanna ag na hoibrithe uile, teilea-oibrithe san áireamh, maidir le dul chun cinn gairme, lena n-áirítear rochtain chomhionann ar phoist bhainistíochta agus chinnteoireachta.

b) Bearta chun comhroinnt chomhionann na hoibre le híocaíocht agus na hoibre cúraim gan íocaíocht agus na hoibre tí idir mná agus fir a chur chun cinn, lena n-áirítear dreasachtaí d'fhir chun páirt níos mó a ghlacadh in obair chúraim gan íocaíocht.

c) Bearta chun cur chun feidhme pras éifeachtúil na Treorach maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil a áirithiú, agus ábhair imní a eascraíonn as géarchéim COVID-19 á gcur san áireamh.

d) Infheistiú i mbonneagar digiteach agus i naisc dhigiteacha don uile dhuine, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, spásanna comhroinnte áitiúla lena n-éascaítear an teilea-obair lasmuigh den bhaile, agus scileanna digiteacha a fheabhsú, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná, agus a áirithiú, ag an am céanna, go dtugtar aird ar riachtanais FBManna.

---

28 Eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic.

e) Cultúr, beartais agus cleachtais eagraíochtúla a chuidíonn le dea-bhail agus táirgiúlacht a chur chun cinn i measc fostóirí, agus lena ndéanfar an comhionannas idir mná agus fir a chur chun cinn agus lena rachfar i ngleic le steiréitíopaí inscne, lena n-áirítear trí oiliúint bainisteoirí a chur chun cinn agus trí bhainisteoirí a spreagadh chun cur chuige solúbtha a ghlacadh agus chun éagsúlacht na bpatrún oibre agus staideanna éagsúla oibrithe, go háirithe staideanna teaghlaigh agus staideanna tuismitheoirí aonair agus mná faoi mhíchumas, a bhreithniú *inter alia*; trí shláinte agus sábháilteacht ag an obair a fheabhsú; agus trí oiliúint agus forbairt scileanna i gcomhthéacs na teilea-oibre.

34. Machnamh a dhéanamh ar chreat comhtháite a fhorbairt chun obair le híocaíocht agus obair chúraim gan íocaíocht a chomhroinnt go comhionann idir mná agus fir, ar réamhriachtanas é do rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair agus dá ndul chun cinn gairme. D'áireofaí leis an gcreat sin infhaighteacht seirbhísí inacmhainne ardcháilíochta oideachais agus seirbhísí cúraim do leanaí agus do chleithiúnaithe, socruithe oibre solúbtha sláintiúla réasúnacha agus deiseanna d'oibrithe a n-uaireanta oibre a laghdú nó a oiriúnú ar bhonn sealadach, chomh maith le laghdú ar dhídhreasachtaí airgeadais a spreagann agus a bhuanaíonn comhroinnt mhíchothrom na hoibre cúraim gan íocaíocht agus obair le híocaíocht idir mná agus fir.

35. Bearta éifeachtacha a bheith á gcur chun feidhme i gcónaí chun aghaidh a thabhairt ar an leithscaradh cothrománach san oideachas, san oiliúint agus i slite beatha ar gach leibhéal trí rochtain chomhionann ar na réimsí oideachais uile, agus ar éagsúlú chonairí oideachais agus gairme na mban agus na bhfear, a chur chun cinn. Rochtain na gcailíní agus na mban ar an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chur chun cinn go gníomhach, agus aghaidh a thabhairt ar bhearna dhigiteach d'aon chineál idir na hinscní, lena n-áirítear trí scileanna digiteacha na gcailíní agus na mban a fheabhsú agus cailíní a spreagadh chun réimsí staidéir ETIM a roghnú, TFC go háirithe.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AGUS AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, agus imthosca náisiúnta na mBallstát á gcur san áireamh, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

36. Neartú ar an ngníomhaíocht nithiúil chun neamhionannais struchtúracha idir mná agus fir a chomhrac, lena n-áirítear leithscaradh ingearach agus cothrománach, agus an bhearna dhigiteach idir na hinscní go háirithe, chomh maith leis na bearnaí pá agus pinsin idir na hinscní, agus comhroinnt neamhionann na gcúraimí cúraim agus tí gan íocaíocht, lena n-áirítear i gcomhthéacs saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a thabhairt chun réitigh.

37. Céimeanna a thabhairt chun gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní a chosc agus a chomhrac, go háirithe trí íospartaigh agus cleithiúnaithe marthanacha a chosaint agus a chumasú, lena n-áirítear íospartaigh agus cleithiúnaithe marthanacha foréigin páirtí dlúthchaidrimh, foréigin teaghlaigh, foréigin ar líne agus ciaptha ar líne.

38. Dlús a chur le beartais comhionannais inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a neartú mar thosaíocht pholaitiúil, lena n-áirítear i gcomhthéacs beartas a fhreagraíonn ar ghéarchéim COVID-19 agus ar an tréimhse ina diaidh.

39. Tuilleadh sonraí, faisnéise agus taighde maidir le tionchar COVID-19 ar an gcomhionannas inscne a fhorbairt agus a scaipeadh, agus iad imdhealaithe de réir inscne, lena n-áirítear:

a) Na himpleachtaí don chomhionannas inscne de bharr méadú ar an teilea-obair, lena n-áirítear i gcomhthéacs saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a thabhairt chun réitigh, agus leitheadúlacht choibhneasta na teilea-oibre i measc na mban agus na bhfear á cur san áireamh, mar aon le tionchar dhúnadh sealadach na scoileanna agus na saoráidí cúraim leanaí chomh maith le cumraíochtaí éagsúla teaghlaigh agus a gcuid socruithe oibre.

b) A mhéid a mhéadaigh ar rannpháirtíocht na bhfear in obair tí agus in obair chúraim gan íocaíocht le linn na paindéime, na cúiseanna léi agus tionchar na rannpháirtíochta.

c) Tionchar na géarchéime ar phatrúin oibre, lena n-áirítear uaireanta oibre, neamhghníomhaíocht agus briseadh san obair.

d) Saoire do thuismitheoirí, saoire teaghlaigh agus saoire a bhaineann le leanaí a bheith á glacadh.

40. Taighde a dhéanamh ar luach na hoibre cúraim gan íocaíocht, agus i gcás inarb iomchuí, an obair chúraim gan íocaíocht a áireamh in anailísí maicreacnamaíocha agus in anailísí ar mhargadh an tsaothair, agus i gceapadh beartas saothair agus fostaíochta, agus táscairí breise a fhorbairt chun feidhmíocht mhaicreacnamaíoch a thomhas lena n-áirítear obair chúraim ar íocaíocht agus gan íocaíocht, geilleagar an chúraim, agus bearnaí inscne san úsáid ama.

41. Dea-chleachtais atá ann cheana a bhailiú agus a scaipeadh chun an comhionannas inscne a chur chun cinn i gcomhthéacs na teilea-oibre.

42. Céimeanna a thabhairt a d'éascódh saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a thabhairt chun réitigh bunaithe do mhná agus fir, trí bhearta amhail iad seo a leanas:

a) Bearta chun comhroinnt chomhionann na hoibre ar íocaíocht agus na hoibre cúraim gan íocaíocht agus na hoibre tí idir mná agus fir a chur chun cinn, agus chun fir a dhreasachtú chun a bheith rannpháirteach sna beartais atá ann a thacaíonn le teaghlaigh, lena n-áirítear trí shaoire teaghlaigh a ghlacadh.

b) Bearta chun an teilea-obair a fhorbairt agus aghaidh a thabhairt ar phatrúin oibre atá ag athrú, ar bhealaí a chuirfidh an comhionannas idir mná agus fir chun cinn agus a thabharfaidh saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach chun réitigh, lena n-áirítear, mar shampla:

i. Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil agus rialála nó ar na treoirlínte dlíthiúla agus rialála i gcás ina meastar é a bheith ábhartha, agus a áirithiú ag an am céanna nach ndéanfar difear díréireach do FBManna agus go gcuirfear a riachtanais san áireamh. D'fhéadfaí a áireamh ar na gnéithe ábhartha, solúbthacht bhreise idir obair san oifig agus obair ón mbaile; solúbthacht ama, lena n-áirítear socruithe sláintiúla saincheaptha maidir le ham oibre; sláinte agus sábháilteacht cheirde, lena n-áirítear rioscaí síceasóisialta agus cúrsaí eirgeanamaíocha; an ceart chun díscor; saoire chúraim; cosaint ar dhífhostú; cleachtais faireachais agus faireacháin; agus cosaint shóisialta, go háirithe maidir le cúiteamh as aistarraingtí as an margadh saothair maidir le cásanna a bhaineann le cúrsaí cúraim.

ii. A áirithiú go mbeidh fáil ar sheirbhísí cúraim ardcháilíochta, inacmhainne, inrochtana agus éagsúla sa bhaile nó lasmuigh de (seachfhoinsiú cúraimí cúraim), lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar bhonneagair tacaíochta chúraim (e.g. seirbhísí cúraim leanaí, i gcomhréir le spriocanna Barcelona, agus seirbhísí cúraim daoine scothaosta), agus ar an gcaoi sin freagairt ar éilimh agus ar chásanna éagsúla, chun a áirithiú nach dúshlán breise í an teilea-obair agus saol na hoibre agus an cúram á dtabhairt chun réitigh, agus í ina míbhuntáiste do mhná. A áirithiú go mbeidh na seirbhísí sin ar fáil do gach oibrí, teilea-oibrithe san áireamh.

43. Claontacht sna córais meastóireachta post a chomhrac go héifeachtach agus feasacht a mhúscailt maidir le luach na hoibre cúraim d'inbhuaine ár sochaithe agus ár ngeilleagar, bíodh sí ina hobair chúraim gan íocaíocht nó le híocaíocht.

44. Bearta spriocdhírithe a cheapadh agus a chur chun feidhme chun gnéasachas agus steiréitíopaí inscne a chomhrac a chuireann srian ar na roghanna a dhéanann cailíní agus buachaillí agus mná agus fir ina gconairí oideachais agus gairme, agus taighde idirdhisciplíneach agus trasearnála a dhéanamh ar nádúr na steiréitíopaí inscne agus a dtionchar ar an gcomhionannas idir fir agus mná, ó thaobh fostaíochta de go háirithe.

45. I gcomhar le heagraíochtaí a chistíonn agus a dhéanann taighde, bearta leordhóthanacha a anailísiú agus a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí inscneacha a d'fhéadfadh a bheith ag ráig COVID-19 ar dhálaí oibre, gairmeacha beatha agus dul chun cinn gairme na dtaighdeoirí, agus béim ar leith á leagan ar thaighdeoirí ban, ar mhúinteoirí agus ar mhic léinn, ag aithint dóibh go mbíonn bacainní breise os comhair taighdeoirí ban ag tús a ngairmréime.

46. Gníomhaíochtaí nithiúla a neartú chun a áirithiú go mbeidh rannpháirtíocht iomlán agus chothrom ag na mná i margadh an tsaothair agus chun fiontraíocht na mban a chur chun cinn, ar réamhriachtanais iad araon maidir le fás eacnamaíoch cuimsitheach san fhadtéarma, agus maidir le comhionannas agus neamhspleáchas eacnamaíoch na mban.

47. Bearta a neartú chun cur le ról agus líon na mban sa chinnteoireacht, lena n-áirítear i gcomhthéacs na bpróiseas lena múnlaítear an fhreagairt ar COVID-19, agus ionadaíocht chothromaithe na mban agus na bhfear sa chinnteoireacht a chur chun cinn mar mheán chun beartais, reachtaíocht agus cur chun feidhme freagrúil ó thaobh inscne de a áirithiú. Is é sin, beifear in ann riachtanais, peirspictíochtaí, eolas agus scileanna na mban agus na gcailíní a aistriú go sásúil isteach i mbeartais a chuideoidh le breis comhionannais idir mná agus fir, rud a chuirfidh le téarnamh cothrom agus inbhuanaithe.

48. Oibriú i gcomhpháirt chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, lena n-áirítear Prionsabail 2 agus 3 de.

49. A áirithiú go ndéanfar príomhshruthú inscne a chur san áireamh agus a chur chun cinn le linn chur chun feidhme, fhaireachán, thuairisciú agus mheastóireacht na gclár cistiúcháin ábhartha de chuid an Aontais.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH an méid seo a leanas a dhéanamh:**

50. Athbhreithniú ar spriocanna Barcelona a thíolacadh chun an cóineasú aníos a fheabhsú i measc na mBallstát maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige ar ardcháilíocht a sholáthar.

51. An comhionannas inscne a chur san áireamh nuair a bheidh an mhodheolaíocht á leagan síos chun caiteachas sóisialta faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a thuairisciú, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach san ionstraim sin, agus an méid sin le léiriú sa tuarascáil athbhreithnithe ar chur chun feidhme na Saoráide.

52. Bearta a bhreithniú agus tacú leo chun dul i ngleic le tionchar inscne phaindéim COVID-19 ar fhaighteoirí cúraim, go háirithe daoine scothaosta, agus ar chúramóirí agus lena chois sin ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar i gcoitinne, lena n-áirítear earnáil an chúraim fhadtéarmaigh. Breithniú a dhéanamh ar bhearta a fhorbairt chun tacú leis an gcóineasú aníos agus cúram fadtéarmach á sholáthar.

53. Staid na mban i margadh an tsaothair a mheas, agus cur chuige príomhshruthaithe inscne a leanúint go comhsheasmhach i ngach gné ábhartha den Seimeastar Eorpach, i gcomhréir le Treoirlínte Fostaíochta 2020 i gcas inarb ábhartha.

54. Tuilleadh taighde a fhorbairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19 ar an gcomhionannas inscne, lena n-áirítear trí EIGE.

**IARRANN SÍ AR AN gCOISTE FOSTAÍOCHTA AGUS AR AN gCOISTE UM CHOSAINT SHÓISIALTA an méid seo a leanas a dhéanamh:**

55. Laistigh dá sainorduithe, agus i gcomhthéacs phlean gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, leanúint de ghné an chomhionannais inscne a ionchorprú ina n-anailís ar na réimsí beartais ábhartha, lena n-áirítear nuair atáthar ag tabhairt aghaidh ar phaindéim COVID-19 agus ar an tréimhse ina diaidh.

**Agus a neamhspleáchas á urramú go hiomlán ag an am céanna, IARRANN SÍ AR NA COMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA an méid seo a leanas a dhéanamh:**

56. An comhionannas inscne a shaothrú go gníomhach agus aghaidh á tabhairt ar phaindéim COVID-19 agus ar an tréimhse ina diaidh, agus neartú ar an ngníomhaíocht nithiúil chun neamhionannais struchtúracha idir mná agus fir a chomhrac, lena n-áirítear leithscaradh ingearach agus cothrománach, agus go háirithe an bhearna dhigiteach, chomh maith leis na bearnaí pá agus pinsin idir na hinscní, agus comhroinnt neamhionann na gcúraimí gan íocaíocht, bídís ina gcúraimí cúraim nó ina gcúraimí tí, lena n-áirítear i gcomhthéacs saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach, a thabhairt chun réitigh.

57. Na cleachtais teilea-oibre a athmhúnlú, lena n-áirítear maidir le hoibrithe a oibríonn ón mbaile go háirithe, agus aghaidh a thabhairt ar phatrúin athraitheacha oibre amhail obair oifige mar aon le hobair ón mbaile, ionas go ndéanfar an comhionannas idir mná agus fir a chur chun cinn agus saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a thabhairt chun réitigh, i gcomhthéacs idirphlé sóisialta earnála nó ar leibhéal cuideachta, nó i gcomhthéacs caibidlíocht déthaobhach leis an bhfostóir.

58. Cleachtais eagraíochtúla agus cultúr eagraíochtúil, lena ndéanfar gnéasachas, foréigean inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean teaghlaigh agus ar an obair, agus steiréitíopaí inscne a chomhrac, a chur chun cinn tríd an gcómhargáil. Féachaint leis an dea-bhail ar an obair agus an táirgiúlacht a fheabhsú, lena n-áirítear trí bheartais agus cleachtais lena dtacaítear leis an gcomhionannas; trí oiliúint agus forbairt scileanna i gcomhthéacs na teilea-oibre; trína áirithiú gur rogha deonach í an teilea-obair; agus trí shláinte agus sábháilteacht ag an obair a fheabhsú.

59. A mholadh do na bainisteoirí uile cur chuige solúbtha a ghlacadh maidir leis an teilea-obair, agus éagsúlacht na bpatrún oibre agus na riachtanas seirbhíse á gcur san áireamh, *inter alia*, mar aon le cásanna éagsúla na n-oibrithe agus a dteaghlach, lena n-áirítear tuismitheoirí aonair.

## Tagairtí

1. **Idirinstitiúideach AE**

*European Pillar of Social Rights* [Colún Eorpach na gCeart Sóisialta] https://ec.europa.eu/commission/sites/beta-political/files/social-summit-european-pillar-social-rights-booklet_en.pdf

2. **Reachtaíocht an Aontais Eorpaigh**

Treoir 2004/113/CE an 13 Nollaig 2004 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí. *(IO L 373, 21.12.2004, lgh. 37-43.)*

Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (athmhúnlú)
*(IO L 204, 26.7.2006, lch. 23–36.)*

Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019, maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle *(IO L 188, 12.7.2019, lch 79–93.)*

Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. (*IO L 57, 18.2.2021, lgh. 17-75.)*

3. **An Chomhairle**

Na conclúidí uile ón gComhairle maidir le comhionannas inscne agus ábhair ábhartha eile, lena n-áirítear go háirithe iad siúd a luaitear thíos:

- Conclúidí ón gComhairle maidir le Mná agus an Geilleagar: Saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh mar réamhchoinníoll i gcomhair rannpháirtíocht chomhionann sa mhargadh saothair (17816/11)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le margaí saothair níos cuimsithí a bhaint amach (7017/15)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le Scileanna na mBan agus na bhFear i Margadh Saothair an Aontais Eorpaigh a Fheabhsú (6889/17)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le bearta feabhsaithe chun leithscaradh inscne cothrománach a laghdú san oideachas agus san fhostaíocht (15468/17)
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní a Dhúnadh: Príomhbheartais agus Bearta (10349/19)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le Geilleagar na Dea-Bhaile (13432/19)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhionannas Inscne i nGeilleagair an Aontais: An Bealach Chun Cinn: Breithniú ar 25 bliana de Chur chun Feidhme Chlár Oibre Bhéising don Ghníomhaíocht (14938/19)
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Dea-bhail ag an obair a Fheabhsú (8688/20)
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní a Ghleic: Obair Ar Íocaíocht agus Obair Chúraim Gan Íocaíocht a Luacháil agus a Dháileadh (13584/20)

4. **An fhoireann trí Uachtaránacht**

Dearbhú Trípháirteach ón Uachtaránacht maidir le Comhionannas Inscne, arna shíniú ag an nGearmáin, ag an bPortaingéil agus ag an tSlóivéin (Iúil 2020)

5. **An Coimisiún Eorpach**

*Commission Recommendation 2014/124/EU of 7 March 2014 on strengthening the principle of equal pay between men and women through transparency* [Moladh ón gCoimisiún 2014/124/AE an 7 Márta 2014 maidir le neart a chur le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná trí thrédhearcacht](IO L 69, 8.3.2014, lgh. 112–116)

Teachtaireacht ón gCoimisiún an 26 Aibreán 2017 dar teideal *An initiative to support work-life balance for working parents and carers (COM(2017) 252 final)* [Tionscnamh chun tacú leis an gcothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí a bhíonn ag obair (COM(2017) 252 final)]

*EU Action Plan 2017-2019: Tackling the gender pay gap (COM(2017) 678 final)* [Plean Gníomhaíochta AE 2017-2019: An bhearna phá idir na hinscní a ghleic (COM(2017) 678 final)]

*Commission Recommendation (EU) 2018/951 of 22 June 2018 on standards for equality bodies* [Moladh ón gCoimisiún (AE) 2018/951 an 22 Meitheamh 2018 maidir le caighdeáin do na comhlachtaí comhionannais] (IO L 167, 4.7.2018, lch. 28-35)

*Challenges in long-term care in Europe - A study of national policies* [Na dúshláin a bhaineann le cúram fadtéarmach san Eoraip – Staidéar ar bheartais náisiúnta] 2018. An Líonra Eorpach um Beartas Sóisialta.

*Report on the development of childcare facilities for young children with a view to increase female labour participation, strike a work-life balance for working parents and bring about sustainable and inclusive growth in Europe (the 'Barcelona objectives' COM(2018) 273 final)* [Tuarascáil maidir le forbairt saoráidí cúraim leanaí do leanaí óga d'fhonn rannpháirtíocht saothair na mban a mhéadú, cothromaíocht oibre is saoil a bhaint amach do thuismitheoirí a bhíonn ag obair agus fás inbhuanaithe chuimsitheach a bhaint amach san Eoraip ('spriocanna Barcelona') (COM(2018) 273 final)]

Teachtaireacht *Digital Education Action Plan (2021 to 2027) Resetting Education for the Digital Age* [Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach (2021 go 2027) AN t-oideachas a athshocrú don Ré Dhigiteach], COM(2020) 624 final

*2021 Report on equality between women and men in the European Union (6774/21)* [Tuarascáil 2021 maidir leis an gcomhionannas idir mná agus fir san Aontas Eorpach (6774/21)]

An Coimisiún Eorpach. *Advisory Committee for Equal opportunities for women and men - Opinion on challenges for gender equality in a rapidly ageing society, October 2019* [An Coimisiún Eorpach. An Coiste Comhairleach um Chomhionannas Deiseanna do Mhná agus d'Fhir - Tuairim maidir le dúshláin comhionannais inscne i sochaí atá ag dul anonn sna blianta go tapa, Deireadh Fómhair 2019.]

*Common European Guidelines on the Transition from Institutional to Community-based Care and Toolkit on the Use of European Union Funds for the Transition from Institutional to Community-based Care.* [Treoirlínte Comhchoiteanna Eorpacha maidir leis an Aistriú ó Chúram Institiúideach go Cúram Pobalbhunaithe agus an tSraith Straitéisí maidir le hÚsáid Chistí an Aontais Eorpaigh don Aistriú ó Chúram Institiúideach go Cúram Pobalbhunaithe.]

https://ec.europa.eu/regional_policy/en/policy/themes/social-inclusion/desinstit/

*A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025]. 6678/20. (Tagairt an Choimisiúin: (COM(2020)152 final.)

*Communication on A Strong Social Europe for Just Transitions (COM(2020)14 final.)* [Teachtaireacht maidir le hEoraip Shóisialta Láidir d'Aistrithe Córa]. (COM(2020)14 final.)

*Communication 'European Skills Agenda for sustainable competitiveness, social fairness and resilience' (COM(2020) 274 final)* [Teachtaireacht 'An Clár Oibre Scileanna don Eoraip maidir le hiomaíochas inbhuanaithe, cothroime shóisialta agus athléimneacht' (COM(2020) 274 final)]

*European Commission 2020: Labour Market and Wage Developments in Europe, Annual Review 2020*. An Coimisiún Eorpach 2020: Margadh an tSaothair agus Forbairtí Pá san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil 2020. (ISSN 2443-6771)

Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (6649/21 + ADD 1 + ADD 2)

6. **Parlaimint na hEorpa**

*Resolution of 30 January 2020 on the gender pay gap (2019/2870(RSP))* [Rún an 30 Eanáir 2020 maidir leis an mbearna phá idir na hinscní (2019/2870(RSP))]

*Own initiative report on Care services in the EU for improved gender equality (2018/2077(INI))* [Tuarascáil féintionscnaimh maidir le seirbhísí cúraim san Aontas le haghaidh comhionannas inscne níos fearr (2018/2077 (INI))]

Rún an 21 Eanáir 2021 maidir le gné na hinscne i ngéarchéim COVID-19 agus sa tréimhse iar-ghéarchéime (2020/2121(INI))

7. **An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)**

*Gender Equality and the socio-economic impact of the COVID-19 crisis, 2021*.[Comhionannas Inscne agus tionchar socheacnamaíoch ghéarchéim COVID-19, 2021]. 8878/21 ADD 1.

*Gender Equality Index 2020: Digitalisation and the future of work, 2020* [Innéacs Comhionannais Inscne 2020: An Digiteáil agus todhchaí na hoibre, 2020]. https://eige.europa.eu/publications/gender-equality-index-2020-digitalisation-and-future-work

*The Covid-19 pandemic and intimate partner violence against women in the EU - 2021* [Paindéim Covid-19 agus foréigean páirtí dlúthchaidrimh in aghaidh na mban san Aontas Eorpach – 2021].

*Covid-19 and gender equality* [Covid-19 agus comhionannas inscne]

https://eige.europa.eu/covid-19-and-gender-equality/essential-workers

8. **Eurofound**

*Striking a balance: Reconciling work and life in the EU,* [Cothromaíocht a bhaint amach: An obair agus an saol a thabhairt chun réitigh san Aontas Eorpach], 2019. https://www.eurofound.europa.eu/sites/default/files/ef_publication/field_ef_document/ef18065en.pdf

*Living, working and COVID-19 dataset* [Tacar sonraí i ndáil le Maireachtáil, obair agus COVID-19], Baile Átha Cliath, http://eurofound.link/covid19data

*Covid-19: Policy responses across Europe, 2020* [Covid-19: Freagairtí beartais ar fud na hEorpa, 2020.]

Sraith Covid-19 *Living, working and COVID-19* [Maireachtáil, obair agus COVID-19], 2020. https://www.eurofound.europa.eu/publications/report/2020/living-working-and-covid-19.

*Long-term care workforce: Employment and working conditions, 2020* [Lucht oibre cúraim fhadtéarmaigh: Fostaíocht agus dálaí oibre, 2020].

https://www.eurofound.europa.eu/sites/default/files/ef_publication/field_ef_document/ef20028en.pdf.

*Regulations to address work-life balance in digital flexible working arrangements* [Rialacháin chun aghaidh a thabhairt ar an gcothromaíocht oibre is saoil i socruithe digiteacha solúbtha oibre], An tsraith Foirmeacha nua fostaíochta, 2020.

*Telework and ICT-based mobile work: Flexible working in the digital age,* [Teilea-obair agus obair il-ionaid bunaithe ar TFC: Obair sholúbtha sa ré dhigiteach], An tsraith Foirmeacha nua fostaíochta, 2020

https://www.eurofound.europa.eu/sites/default/files/ef_publication/field_ef_document/ef19032en.pdf

*Women and labour market equality: Has COVID-19 rolled back recent gains?* [Mná agus comhionannas sa mhargadh saothair: An ndearnadh na gnóthachain le deireanas a chur ar gcúl de bharr COVID-19?], 2020.

*Platform economy: Developments in the COVID-19 crisis,* [Geilleagar ardán: Forbairtí le linn ghéarchéim COVID-19], 2020. https://www.eurofound.europa.eu/data/platform-economy/dossiers/developments-in-the-covid-19-crisis

*Labour market change: Trends and policy approaches towards flexibilisation, Challenges and prospects in the EU series, 2020* [Athrú ar an margadh saothair: Treochtaí agus cuir chuige beartais i dtreo solúbthachta, an tsraith Dúshláin agus ionchais san Aontas, 2020].

9. **Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

*Teleworking and gender equality – conditions so that teleworking does not exacerbate the unequal distribution of unpaid care and domestic work between women and men and for it to be an engine for promoting gender equality.*
[Teilea-obair agus comhionannas inscne - coinníollacha ionas nach gcuirfear le dáileadh neamhionann an chúraim gan íocaíocht agus na hoibre tí idir mná agus fir de bharr na teilea-oibre, agus chun go mbeidh sí ina hinneall chun an comhionannas inscne a chur chun cinn]. SOC/662-EESC-2020.

10. **Na Náisiúin Aontaithe**

Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising (Clár Oibre na Náisiún Aontaithe don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban)

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW)

Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) 5.4 de Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe

Coinbhinsiún EIS 100 (Luach Saothair Cothrom), 1951

Coinbhinsiún EIS ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair maidir le hobair chuibhiúil d'oibrithe tí (Coinbhinsiún Uimh. 189), 2011

Tuarascáil EIS dar teideal *Care work and care jobs for the future of decent work, 2018* [Obair chúraim agus poist chúraim d'obair chuibhiúil sa dhéanfar amach anseo, 2018].

http://ilo.org/global/publications/books/WCMS_633135/lang--en/index.htm

Tuarascáil EIS Global Wage Report 2020-21: *Wages and minimum wages in the time of COVID-19* [Tuarascáil ar an bpá domhanda 2020-2021: Pá agus íosphá in aimsir COVID-19], 2020.

https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---dgreports/---dcomm/---publ/documents/publication/wcms_762534.pdf

Na Náisiúin Aontaithe: An Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, Nua-Eabhrac, an 13 Nollaig 2006, Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe, iml. 2515, Uimh. 44910, lch. 3

11. **Tagairtí eile**

*OECD*, *Women at the core of the fight against Covid-19 crisis, OECD Policy Responses to Coronavirus (Covid-19)* [Mná i gcroílár an chomhraic in aghaidh ghéarchéim Covid-19, Freagairtí Beartais ó ECFE ar an gCoróinvíreas (Covid-19)]. Leagan an 1 Aibreán 2020

https://www.oecd.org/coronavirus/policy-responses/women-at-the-core-of-the-fight-against-covid-19-crisis-553a8269/#biblio-d1e2093.

*Council of Europe Recommendation CM/Rec(2019)1 on preventing and combating sexism*. [Moladh CM/Rec(2019)1 ó Chomhairle na hEorpa maidir le gnéasachas a chosc agus a chomhrac].